

TAIRISCINT AR LÉIRIÚCHÁN TEORANTA DO TG4

AN FLEADH FHÍORÚIL TG4 2020

Fáilteoidh TG4 roimh iarratais chun ábhar a léiriú faoin teideal oibre ‘An Fleadh fhíorúil’ ina dtaispeánfar ceoltóirí Fhleadh Cheoil na hÉireann ar ardáin ar líne TG4 faoi dheireadh an tsamhraidh 2020.

Is fíor an seanfhocal ‘múineann gá seift’ agus cruthófar an ‘Fleadh Fhíorúil’ mar árdán ar líne a chur ar fáil chun cumas ceoil, an spleodar, an comhluadar, agus gliondar an cheoil a léiriú agus a cheiliúradh – tionól ar líne a bheidh ann in áit an tionóil mór idirnáisiúnta Fleadh Cheoil na hÉireann i mbliana.

Díreofar ar an ardán seo ar phobail Chomhaltas agus ar dhaoine a bhíonn ag freastal ar an bhFleadh agus freisin ar lucht spéise an cheoil thraidisiúnta ar fud an domhain.

Beidh ealaíontóirí óga agus ceoltóirí seanbhunaithe páirteach i gceolchoirmeacha, i míreanna comhar cheoil agus i dtaispeántais bheo arna léiriú go digiteach. Iarrfar ar chraobhacha de Chomhaltas an chuid is fearr acu a chur i láthair ar bhealach nuálach. Beidh ceoltóirí ag ceol astu féin in áit chomórtais Fhleadh Cheoil. Iarrfar ar theaghlaigh, daoine a bhuaigh comórtais sna blianta atá imithe, ceoltóirí aonair, bannaí céilí agus ar gach duine a bheith páirteach i bhformáid atá siamsúil, nuálach agus uile chuimsitheach a cheapfar mar bhanc ábhar digiteach ar dtús.

D’fhéadfadh an fleadh fíorúil a bheith fréamhaithe i gcraobhacha Chomhaltas Ceoltóirí Éireann de réir struchtúr agus leagan amach Fhéilire Fhleadh Cheoil (ó na babhtaí réigiúnacha go dtí Fleadh Cheoil

na hÉireann) agus d'fhéadfaí tarraingt ar bhuaicphointí eile freisin i bhféilire an cheoil thraidisiúnta feadh an tsamhraidh.

Áireofar freisin ceoltóirí uirlise aonair, grúpaí, bannaí céilí, Scoil Éigse, amhráin agus damhsa.

Beidh faighteoirí na nGradam Ceoil maraon le pearsain ó chláracha ceoil eile TG4 san áireamh.

Beidh gach aois ghrúpa san áireamh.

Ardán a bheidh sa 'Fleadh Fhíorúil' d'ábhar a ghinfidh an t-úsáideoir chomh maith le hábhar gairmiúil arna scannánú de réir na srianta reatha sláinte.

Beidh ceoltóirí atá ina gcónaí thar lear freisin páirteach sa spraoi.

Ba chóir úsáid a bhaint as míreanna cartlainne chun comhráití ar líne a thosú agus scannánú ar thaibhrithe i gcomhar a spreagadh.

Beidh siamsaíocht agus cuideachta i gcroílár gach ábhair.

Beidh an 'An Fleadh Fhíorúil' dháttheangach agus beidh feidhm le comhionannas inscne.

Moltar an t-eolas seo a leanas a bheith mar chuid den iarratas:

- Achoimre ar an gcoincheap lena n-áirítear formáid, cur i láthair, tallann agus gnéithe físiúla chomh maith le idirghníomhaíocht.
- Plean léiriúcháin ó thús go deireadh.
- Achoimre ar na daoine agus a dtaithí sa réimse digiteach agus/nó léiriúchán ceoil thraidisiúnta
- Cur síos ar an gcur chuige i leith taibhiú, ceol i gcomhar agus úsáid a bhaint as ábhar cartlainne.

Tabhair ar aird: Déanfar fad an ábhair, costais agus buiséid léiriúcháin a phlé agus a chomhaontú níos faide anonn de réir na coincheapa.

Iarratais le bheith faoi bhráid TG4 faoin Aoine, 5 Meitheamh 2020.

Tuilleadh eolais:

Tá tuilleadh eolais le fáil ach ríomhphost a sheoladh chuig proinsias.ni.ghrainne@tg4.ie